C/2024/1026

24.1.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1026)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Rheinburgen-Landwein'

PGI-DE-A1298-AM01

Dáta na teachtaireachta: 27.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar an leasú**

a) Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo

Údaraítear an tásc milseachta 'leathmhilis'.

Rinneadh neart alcóil nádúrtha íosta agus meáchan úrfhíona nádúrtha íosta 'Rheinburgen-Landwein' a aistriú chuig an bpointe seo. Níor athraíodh an t-ábhar. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a dhoiciméadú.'

Soláthraíodh tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla freisin.

b) Críochú an limistéir

Leasaíodh an críochú ar limistéar TGFC 'Rheinburgen-Landwein'.

Liostaíodh na bardais aonair, lena n-áirítear na haonaid chadastracha.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitätskennzeichen-wein.

Leasaíodh an limistéar ina bhféadfar Landwein a tháirgeadh. Go dtí seo, níorbh fhéidir 'Rheinburgen-Landwein' a tháirgeadh ach amháin i limistéar saothrúcháin Mittelrhein. Rinneadh na rialacha i ndáil leis sin a ailíniú le ceanglais dlí agus ceadaítear anois 'Rheinburgen-Landwein' a tháirgeadh freisin i limistéar difriúil den stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird:

'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

c) Cineálacha fíonchaoire

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fíonchaor a leanas faoi phointe 7 (a bheidh mar phointe 8 amach anseo) den tsonraíocht táirge:

I nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht

Fíonta geala

Auxerrois, Bacchus, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Findling, Früher Malingre, Gelber Muskateller, Grauer Burgunder, Grüner Silvaner, Grüner Veltliner, Helios, Huxelrebe, Johanniter, Kerner, Müller-Thurgau, Muskat Ottonel, Nobling, Optima, Ortega, Osteiner, Phoenix, Reichensteiner, Roter Traminer, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Weißer Riesling, Würzer.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Fíon dearg agus fíon rosé

Blauer Frühburgunder, Blauer Portugieser, Blauer Spätburgunder, Cabernet Dorsa, Cabernet Sauvignon, Dakapo, Deckrot, Dornfelder, Dunkelfelder, Regent, Rotberger, Saint-Laurent.

Sa Réin Thuaidh-Viostfáil

Fíonta geala

Auxerrois, Bacchus, Ehrenfelser, Faberrebe, Freisamer, Früher Malingre, Gelber Muskateller, Grüner Silvaner, Grüner Veltliner, Huxelrebe, Kanzler, Kerner, Morio Muskat, Müller-Thurgau, Muskat Ottonel, Optima, Ortega, Perle, Phoenix, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Traminer, Ruländer, Scheurebe, Siegerrebe, Solaris, Weißer Burgunder, Weißer Elbling, Weißer Gutedel, Weißer Riesling, Würzer.

Fíon dearg agus fíon rosé

Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Spätburgunder, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Früher Roter Malvasier, Gewürztraminer, Helfensteiner, Heroldrebe, Regent, Rotberger, Roter Elbling, Roter Gutedel, Saint-Laurent.

LEASUITHE

Cumascfar na liostaí cineálacha fíonchaoire do Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht agus don Réin Thuaidh-Viostfáil i liosta aonair.

Déanfar an cineál fíonchaoire gile 'Früher roter Malvasier', a liostaíodh go mícheart leis na cineálacha fíonchaoire deirge, a liostú as seo amach leis na cineálacha fíonchaoire gile.

Amach anseo, is éard a bheidh sna ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé'.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Blütenmuskateller, Cabernet Blanc, Donauriesling, Felicia, Gm 643-10, Gm 643-17, Goldmuskateller, Goldriesling, Hibernal, Muscaris, Petite Arvine, Roter Elbling, Roter Riesling, Sauvignac, Sauvignon gris, Savagnin Blanc, We S 523.'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Accent, Baron, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Franc, Cabernet Mitos, Divico, Merlot, Müllerebe, Syrah.'

d) Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC

Coinneofar go páirteach an fhoráil seo a leanas lena léirítear an reachtaíocht atá ann cheana: Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh ón limistéar lena mbaineann ainm Landwein agus níor cheart an méid siúcra iarmharaigh a bheith níos mó ná na luachanna uasta is incheadaithe le haghaidh fíon 'leath-thirim'. Léirítear na rialacha sin mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta) agus gan iad a bheith léirithe mar cheanglas faoin dlí náisiúnta a thuilleadh. Luaitear 100 % go sainráite agus déantar tagairt don fhigiúr sin sa liosta ina sainaithnítear an limistéar críochaithe agus an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge:

Maidir leis an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Ní fhéadfar "Rheinburgen-Landwein" a dhéanamh ach as fíonchaora a thagann as fíonghoirt sa limistéar fíonsaothrúcháin agus ó chineálacha fíniúna údaraithe.'

cuirtear an méid seo a leanas ina hionad sin anois: 'Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun "Rheinburgen-Landwein" a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 agus ó na cineálacha fíniúna a údaraítear faoi phointe 8.'

Tá feidhm anois ag na luachanna dlíthiúla le haghaidh 'leathmhilis' seachas 'leath-thirim' don mhéid siúcra iarmharaigh uasta.

e) Údaráis rialaithe

Faoi phointe 11 den tsonraíocht táirge, athraíodh uimhir facs na n-údarás rialaithe. Thairis sin, ceartaíodh dleachtanna na n-údarás rialaithe mar go bhfuil freagracht as na húdaruithe nua um plandú aistrithe ó Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta go dtí an Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia.

f) Eile

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin na hathruithe eile lena léirítear an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair nó an sliocht ábhartha a scriosadh.

2. **An bonn cirt atá leis an leasú**

a) Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo

Cuireadh deireadh leis na srianta dlíthiúla maidir leis an méid iomlán siúcra, rud a chiallaíonn gur féidearthacht anois é freisin leathmhilis agus Landwein milis. Níor leathnaíodh an tásc milseachta is féidir a úsáid le haghaidh TGFC 'Rheinburgen-Landwein' ach amháin chun 'leathmhilis' a áireamh mar nach mór leanúint leis an idirdhealú idir na táirgí ATFC agus TGFC a áirithiú.

Liostaítear an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta faoin bpointe sin chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire. Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha dá bhrí sin leis an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun 'Rheinburgen-Landwein' a mhargú. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta abairt a chur isteach lena soiléirítear nach gá ach an meáchan úrfhíona íosta a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

b) Críochú an limistéir

Níl an leasú seo a bhaineann le críochú an limistéir treallach ach tá gá leis chun míbhuntáistí suntasacha don fhíonsaothrú agus talmhaíocht, don phobal i gcoitinne, don chomhshaol nádúrtha agus do thírdhreach saothraithe réigiún Mittelrhein, tírdhreach a forbraíodh thar am, a sheachaint.

Mínítear na cúiseanna atá le críochú an limistéir ar bhealach níos mionsonraithe thíos:

— Tá gá le fíonghoirt iata chun críocha dearbhaithe cáilíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le bearta cosanta plandaí.

Ní bhíonn na bearta cosanta plandaí is gá don fhíonsaothrú comhoiriúnach i gcónaí le riachtanais bharr eile. Ag cur fíonghort taobh le húsáidí talún eile (e.g. féarthalamh, feirmeoireacht arúil, saothrú torthaí nó glasraí), is minic a chruthaíonn sé sin fadhbanna is ceart a sheachaint a mhéid is féidir:

Dá lú pointí teagmhála ag talamh a úsáidtear le haghaidh fíonsaothrú agus úsáidí eile (feirmeoireacht arúil, torthaí a fhás, talamh féaraigh, etc.), is ea is lú éifeachtaí diúltacha ar shaothrú agus ar cháilíocht na bhfíonta ann.

Tá sé sin mar gheall ar na riachtanais bainistíochta shonracha sa limistéar fíonsaothraithe, go háirithe i gcás cosanta plandaí. Bíonn an-éagsúlacht uaireanta sna táirgí cosanta plandaí a úsáidtear, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gcineál úsáide, le húdarú le haghaidh barra sonracha nó tréimhsí feithimh. Ina theannta sin, déantar plandaí a chosaint ar neart de na fánaí fíonsaothraithe traidisiúnta sa Mittelrhein, trí bhíthin spraeáil ó héileacaptar, áit lena mbaineann riosca níos mó de shíobadh ann – ar son cúiseanna teicniúla agus fisiciúla. Cuidíonn córas spraeála atá bunaithe ar gheoiméadracht i bhfoirm rianta fada díreacha taobh leis an bhfána le spraeáil éifeachtach ón héileacaptar. Bíonn limistéar fíonghoirt leanúnach de dhíth chuige sin. Tá oibleagáid ar fheirmeoirí agus saothróirí fíona táirgí cosanta plandaí a sheachaint ó leathadh chuig barra eile agus limistéir nach ndírítear iad orthu, lena n-áirítear ag cloí le ceanglais maidir le hachar.

Fiú má chuirtear na táirgí cosanta plandaí i gceart, d'fhéadfaidís gluaiseacht chuig dáileachtaí cóngaracha a bhfuil úsáidí éagsúla acu agus d'fhéadfadh sé sin damáiste nach bhfuil de dhíth a dhéanamh don fhásra i limistéir nach bhfuiltear ag díriú orthu nó cur isteach ar cháilíocht/indíoltacht táirgí mar gheall ar iarmhair áirithe a bheith ann. Féadfar iad sin a thoirmeasc uaireanta le haghaidh na mbarr a fhástar ann, a mbíonn cinneadh de staidéir iarmhair mar thoradh air – ar bhonn anailís bheacht agus uasteorainneacha iarmhar ísle – nach bhfuil an táirge oiriúnach lena chur ar an margadh. Sa chleachtas, tarlaíonn cásanna den sórt sin go minic. Cé go bhféadfaí an truaillitheoir a chur faoi dhliteanas le haghaidh damáiste den sórt in, féadfaidh saothróir fíona fadhbanna den sórt sin a sheachaint trí fhíonghoirt iata a choinneáil d'fhonn ceantair forimeallacha a íoslaghdú.

— An pobal i gcoitinne agus an comhshaol nádúrtha a chosaint trí bhainistíocht a dhéanamh ar fhánaí crochta

Sa lá atá inniu ann, bíonn príomhról ag fánaí crochta chun creimeadh agus rith chun srutha a chosc. Cuireann fíonsaothrú ar léibhinn agus ballaí fíonghort cosc ar uisce a ritheadh síos an cnoc mura raibh siad ann. Cobhsaíonn fíniúnacha agus cumhdach glas an ithir agus coinnítear iad ar bun trí obair leanúnach chun aire a thabhairt dóibh. Áirithítear trí bhainistíocht cheart ithreach go bhfuil struchtúr maith ag an ithir agus insíothlaíonn líon ard uisce isteach inti. Mar achoimre ar an méid sin, déantar creimeadh a íoslaghdú, agus uisce a mhaolú i gcás báisteach throm, agus cuirtear cosc ar rith cothaitheach chun srutha (fosfáit go príomha) isteach sa screamhuisce. Gan bainistíocht ghníomhach, rachadh na léibhinn agus na ballaí chun raice. Bheadh an ithir ina fásach agus chaillfeadh sí torthúlacht agus struchtúr. Bheadh creimeadh, rith ithreach agus cothaitheach chun srutha agus sciorradh talún i gcás báisteach throm mar iarmhairtí air sin, iarmhairtí a chuirfeadh cónaitheoirí agus iompar i gcontúirt agus a bheadh ina gcúis le damáiste.

— Cumasaítear le fíonghoirt comhdhlúite bainistíocht agus modhanna cosanta éifeachtacha sa limistéar fíonsaothrúcháin.

— Tá straitéisí cosanta plandaí a bhfuil tionchar íseal acu ag a bhfuil buntáistí cáilíochtúla, comhshaoil agus eacnamaíocha tábhachtach chun táirgeadh inbhuanaithe fíonta ar ardchaighdeán a áirithiú:

mar shampla, úsáid fearamón chun leamhain fíniúna a chomhrac. Ní oibríonn an beart cosanta sin ach má leithdháiltear na dáileoirí fearamón, a theastaíonn chun mearbhall a chur ar lotnaidí agus atáirgeadh a theorannú, chomh forleathan agus is féidir óna chéile. Sa chomhthéacs sin, tá sé i bhfad níos saoire má sheachnaítear an cleachtas a bhaineann le dáileoirí a dhéshuí le chéile ag na himill (teorainneacha le barra eile, úsáidí eile nó fásra eile) a cheanglaítear ar chúiseanna teicniúla. Cuidíonn fíonghoirt iata go mór leis na costais a bhaineann le dáileoirí fearamón a laghdú. Thairis sin, chuir Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht clár forbartha 'EULLE' (bearta comhshaoil, forbairt tuaithe, talmhaíocht agus bia) i bhfeidhm ina bhfuil tacaíocht maidir le cleachtais chosanta plandaí bith-theicniúla i réimse an fhíonsaothraithe ar féidir í a fháil le haghaidh limistéir leanúnacha fíonghoirt atá 2 ha ar a laghad. Mar sin féin, má chumhdaíonn ceapacha níos lú ná 2 ha mar thoradh ar fhíonghoirt aonair atá á dtiontú chuig talamh arúil, níl na fíonghoirt atá fágtha incháilithe a thuilleadh chun tacaíocht RAK a fháil. Bíonn caillteanais ó thaobh airgid de ag oibreoirí na bhfíonghort atá fágtha. Níl cosaint plandaí bhith-theicniúla inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de mura bhfaightear an tacaíocht airgeadais sin. Is é an toradh a bhíonn air sin go dtagann méadú ar an úsáid feithidicídí, agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar an gcomhshaol nádúrtha.

— Tá gá le fíonghoirt iata ó thaobh cúrsaí teicniúla agus eacnamaíocha de freisin chun na fíonchaora aibí a chosaint ó dhamáiste ag éin, mar is é an bealach sin an t-aon mhodh is féidir cosaint éifeachtach a áirithiú. Os a choinne sin, i gcás fíonghoirt atá leata amach bíonn costais níos airde, fiú le hoscailteacht daoine ar strus fuaime san áireamh.

— Cuireann fíonghoirt iata cosc ar dhamáiste a dhéanann géim.

Saincheist thábhachtach is ea plódú torc a laghdú ar son cúiseanna a bhaineann le fíonsaothrú. Áirítear sna cúiseanna gur gá le laghdú den sórt sin an fíoras nach ndéantar an damáiste a dhéanann géim d'fhíonghoirt a chúiteamh go huathoibríoch i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht. Laghdaíonn sé freisin an riosca a bhaineann le ráigeanna infhógartha d'fhiabhras Afracach na muc, fiabhras atá mar riosca suntasach d'fheirmeoireacht beostoic sa Ghearmáin. Tá sé níos éasca agus níl sé chomh costasach toirc allta a rialú i bhfíonghoirt iata i gcomparáid le limistéar a úsáidtear chun barra éagsúla a fhás (e.g. fíonchaora, barra arúla agus torthaí), ina soláthraítear go minic tuilleadh limistéar tearmainn le haghaidh torc allta.

— Le linn samhraí tirime, tá uisciú silte ag éirí níos tábhachtaí, go háirithe i bhfíonghoirt óga. Tá sé fíor-riachtanach chun go bhfásfadh na fíniúnacha. Baineann buntáiste le fíonghoirt iata i gcás an bonneagar is gá (toibreacha, píobáin, etc.) a thógáil agus a oibriú. Tá foinsiú agus bailiú comhchoiteann uisce agus úsáid chomhchoiteann iompair agus línte dáilte níos éifeachtaí agus níos saoire i bhfíonghoirt den sórt sin.

— Tá na ceanglais bhainistíochta le haghaidh fíonsaothrú éagsúil ó na ceanglais bhainistíochta le haghaidh feirmeoireacht arúil, mar shampla. Dá n-éireofaí as na limistéir sin a úsáid don fhíonsaothrú, tá baol ann go mbrúfadh scrobarnach isteach ar an talamh, go háirithe ar fhánaí géara, ós rud é nach bhfuil siad oiriúnach don fheirmeoireacht arúil ná lena n-úsáid mar fhéarthalamh. D'fhéadfadh plandaí óstaigh (e.g. plandaí sméar dubh) le haghaidh lotnaidí nach bhfuil de dhíth, amhail an chuileog fhínéagair shilín, tosú ag fás ar na limistéir neamhshaothraithe sin, dá bhrí sin ag bagairt sláinte agus cháilíocht na bhfíonchaor sna fíonghoirt máguaird.

— Tá an tírdhreach saothraithe, a forbraíodh thar am, agus an radharc tíre nádúrtha, lena n-áirítear na fíonghoirt thraidisiúnta, mar shaintréithe TGFC 'Rheinburgen-Landwein' agus an cháil atá aige.

— Sainíonn fíonsaothrú i bhfíonghoirt thraidisiúnta a mhúnlaíonn an tírdhreach carachtar an réigiún fíona le haghaidh na gcónaitheoirí áitiúla, comhaltaí de thionscal fíona an réigiúin, saineolaithe agus tomhaltóirí. Tá an ceangal sin le feiceáil san fhíoras go n-úsáidtear íomhánna a glacadh i bhfíonghoirt thraidisiúnta go tráthrialta tráth a chuirtear an réigiún fíona i láthair.

— D'athrófaí an radharc tíre nádúrtha sainiúil dá n-úsáidfí na fíonghoirt le haghaidh feirmeoireacht arúil thraidisiúnta agus bheadh tionchar aige sin ar an tírdhreach saothraithe a forbraíodh agus a aithnítear mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda ag UNESCO fiú. Luaitear an méid seo a leanas i ndearbhú UNESCO maidir leis an bhfiúntas uilíoch sármhaith agus na ceanglais chosanta agus bhainistíochta: 'Leis na bearta a rinneadh sa mhaoin [Meán-Ghleann Uachtarach na Réine] déantar go príomha [...] traidisiún fíonsaothrúcháin ar fhánaí crochta an ghleanna a chaomhnú, gnáthóga le haghaidh speiceas ainmhithe agus plandaí neamhchoitianta a dhaingniú, agus a áirithiú go ginearálta go bhfanann staid an chomhshaoil gan athrú'.

— Glacann an fíon – i dteannta leis an réigiún fíonsaothraithe traidisiúnta agus na fíonghoirt thraidisiúnta – ról mór sa turasóireacht freisin. A bhuí leis an radharc tíre agus an raon leathan d'eispéiris turasóireachta atá ar fáil sna limistéir saothraithe fíniúnacha (e.g. conairí fíona Mittelrhein, an Chonair Rheinsteig agus Conair Caisleán na Réine), soláthraíonn an réigiún fíonsaothraithe traidisiúnta an bunús eacnamaíoch le haghaidh neart gnólachtaí a oibríonn san earnáil turasóireachta, amhail bialanna agus óstáin. Bheifí in ann na fíonghoirt a bhogadh chuig talamh atá á úsáid faoi láthair le haghaidh féarach nó feirmeoireacht arúil mura ndéanfaí an limistéar a chríochú sa tsonraíocht táirge. Mar a luadh cheana féin thuas, chuirfeadh sé sin neart fíonghort i mbaol go mbrúfadh scrobarnach isteach orthu, ós rud é nach bhfuil siad oiriúnach le haghaidh aon úsáide eile seachas fíonsaothrú mar gheall ar a méid bheag, a saintréithe agus an iargúltacht is minic a bhaineann leo. Anuas ar na hiarmhairtí comhshaoil réamhluaite, bheadh iarmhairtí eacnamaíocha freisin dá mbrúfadh scrobarnach isteach, mar mheasfadh turasóirí nach bhfuil tírdhreacha den sórt sin tarraingteach.

— Mar achoimre, bíonn freagairt dhearfach i measc an phobail, miondíoltóirí, tomhaltóirí agus turasóirí mar gheall ar TGFC 'Rheinburgen-Landwein' agus na limistéir d'fhíonghoirt leanúnacha atá ann lena múnlaítear an tírdhreach. Cuirtear íomhánna d'fhíonghoirt thraidisiúnta i meonta tomhaltóirí nuair a cheannaíonn agus a ólann siad fíon ó Mittelrhein, agus treisíonn cuimhní féideartha de laethanta saoire na híomhánna sin. Tá TGFC 'Rheinburgen-Landwein' eisceachtúil agus uathúil mar gheall air sin.

Is léir ó na cúiseanna a leagtar amach thuas go mbaineann neart buntáistí le fíonghoirt a shaothrú ar láithreán comhdhlúite agus iata más féidir, le haghaidh úinéirí agus oibreoirí fíonghort agus an comhshaol agus an pobal i gcoitinne freisin. Dá bhrí sin, i bhfianaise na buntáistí iomadúla a shonraítear thuas, níor cheart an sciar d'fhíonghoirt atá scaipthe thar láithreáin iomadúla a mhéadú, agus an sciar sin íseal cheana féin.

Dá bhrí sin, ní thabharfar sainmhíniú níos cúinge sa tsonraíocht táirge ná mar a cheadaítear leis an dlí ar an limistéar ina bhféadfar 'Rheinburgen-Landwein' a tháirgeadh.

Tá feidhm ag an riail seo maidir leis an Réin Thuaidh-Viostfáil agus Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht.

c) Cineálacha fíonchaoire

Bhí an liosta de chineálacha fíonchaoire neamhchríochnaithe roimhe seo. Leathnaíodh é chun na cineálacha aicmithe a shaothraítear sa limistéar saothrúcháin a chur san áireamh toisc go bhfuil a luach cruthaithe ag na cineálacha sin cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaoire liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

d) Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC

Ní áirítear le reachtaíocht náisiúnta an riail maidir le 100 % mar a leasaítear. Dá bhrí sin, léirítear í mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta). Maidir leis na leasuithe arna ndéanamh don téacs (e.g. chun an figiúir 100 % a lua go sainráite), déantar iad sin chun substaint na forála bunaidh a shoiléiriú.

Ní dhearnadh aon leasú substainteach ar an riail maidir le 100 %. Maidir leis na rialacha a bhaineann le méid siúcra iarmharaigh, ardaíodh an uasluach go 'leathmhilis' i gcomhréir leis na cúiseanna a leagtar amach i bpointe 5.3 a) den iarratas sin.

e) Údaráis rialaithe

Leasaíodh seoladh an Chomhlachais Talmhaíochta sa Réin Thuaidh-Viostfáil. Leasaíodh uimhir facs an Chomhlachas Talmhaíochta i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht.

Tá an ceartú maidir le húdaruithe nua ann chun an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a léiriú.

f) Eile

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Rheinburgen-Landwein

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Fíon, geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire nó an meascán cineálacha fíonchaoire sna fíonta geala, is iondúil go mbíonn blasanna úra, torthaíocha de thorthaí póma agus clochthorthaí áitiúla agus imreacha torthaí citris ar na fíonta. D'fhéadfaí a chumhdach faoin réimse blasanna glasa, féarúla agus luibheanna, agus loirg bhláthacha agus spíosracha, dea-bholaithe torthaíocha coimhthíocha nó trópaiceacha fiú, mil, torthaí triomaithe agus dea-bholaithe tóstáilte i gcomhréir leis an gcineál fíonchaoire agus aosú an fhíona. Idir buí éadrom le himreacha glasa agus órbhuí a bhíonn sa réimse dathanna de ghnáth. Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe freisin, in éineacht le himreacha cineál dearg agus idir órga agus donn. D'fhéadfadh idir beagán ópalachta agus moirtiúlacht nádúrtha atá le feiceáil go soiléir uaireanta a bheith sna fíonta geala freisin (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach. Féadfaidh níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht. Is iondúil go mbíonn tathag éadrom nó measartha sna fíonta, chomh maith le haigéadacht agus milseacht a oireann don stíl. Ag brath ar stíl an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin. D'fhéadfadh blasanna ocsaídiúcháin d'aon ghnó, blasanna fionólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Fíon, dearg

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire nó an meascán de chineálacha fíonchaoire, is iondúil go mbíonn cumhracht ina bhfuil blasanna torthaíocha de chlochthorthaí agus caora áitiúla go príomha, chomh maith le torthaí leasaithe agus triomaithe, ag baint leis na fíonta. D'fhéadfadh blasanna glasa, spíosracha, ithreacha agus ar nós na seacláide a bheith iontu freisin. Ag brath ar an gcaoi a dtugtar na fíonta chun cineáil, d'fhéadfadh na fíonta dearga struchtúr feanólach agus dea-bholaithe tóstáilte idir fíneálta agus láidre a bheith orthu. Idir dearg éadrom agus dearg measartha láidir agus corcairghorm dorcha le himreacha láidre donna uaireanta a bhíonn sa réimse dathanna. D'fhéadfadh idir beagán ópalachta agus moirtiúlacht nádúrtha shuntasach a bheith sna fíonta freisin (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail), a d'fhéadfadh a shíothlú ag an mbun mar dheascán. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach. Is iondúil go mbíonn idir tathag éadrom agus tathag lán sna fíonta agus is iondúil go mbíonn aigéadacht idir measartha agus suntasach mar shaintréith acu. Idir tainniní atá deacair le brath nó tainniní fíorláidre, lena bhféadfadh loirg ghlasa a bheith ag gabháil leo, a bhíonn sa réimse tainniní.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 12 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. Fíon, rosé agus Blanc de Noir

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na cineálacha fíona sin ó chineálacha fíonchaoire deirge a bhrúitear go séimh. Is iondúil go mbíonn dath éagsúil ar na fíonta rosé, ó dhath bándearg éadrom go bándearg go dearg geal agus d'fhéadfadh imreacha donna a bheith iontu freisin, fad a bhíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Bíonn blasanna úra, torthaíocha caor agus torthaí citris go láidir go ginearálta, cé gur féidir le dea-bholaithe idir spíosracha agus toite-adhmadacha a bheith orthu freisin. Is iondúil go mbíonn aigéadacht idir séimh agus spleodrach, tainniní fíneáilte, leibhéil ísle alcóil agus milseacht iarmharach fíneálta ag na fíonta rosé. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Rotling

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an rogha maidir leis an gcineál fíniúna, bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus dearg láidir ar na fíonta Rotling den chuid is mó. Bíonn a ndea-bholaithe torthaíoch go ginearálta, agus éadrom spíosrach uaireanta, le himreacha de chaora, torthaí póma agus torthaí citris go háirithe. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire a úsáidtear, d'fhéadfadh a saintréith torthaí a athrú ó thaobh déine agus dea-bholadh de. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2.

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3.

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Táirgí iomlána

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

I nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Rheinburgen-Landwein' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt a bhaineann leis na bardais agus ceantair bhardasacha seo a leanas: Bacharach (Bacharach (3503), Steeg (3502)), Bad Ems (0950), Bad Hönningen (0326), Boppard (Boppard (1820), Hirzenach (1824)), Bornich (0905), Braubach (0934), Breitscheid (Landkreis Mainz-Bingen) (0261), Brey (1388), Damscheid (1845), Dattenberg (0315), Dausenau (0947), Dörscheid (0904), Fachbach (0951), Filsen (0932), Hammerstein (Niederhammerstein (0328), Oberhammerstein (0329)), Kamp-Bornhofen (0931), Kasbach-Ohlenberg

(Niederkasbach (0307)), Kaub (0902), Kestert (0918), Koblenz (Ehrenbreitstein (1416), Koblenz (1401), Niederberg (1413)), Lahnstein (Oberlahnstein (0961)), Langscheid (1207, 1843), Leubsdorf (0316), Leutesdorf (0330), Linz am Rhein (0310), Manubach (3504), Nassau (0837), Niederburg (1840), Niederheimbach (3507), Nochern (0914), Oberdiebach (3505), Oberheimbach (3506), Obernhof (0832), Oberwesel (Dellhofen (1842), Oberwesel (1841)), Osterspai (0933), Patersberg (0909), Perscheid (1844), Rheinbreitbach (0291), Rheinbrohl (0327), Rhens (1387), Sankt Goar (St. Goar (1837), Werlau(1836)), Sankt Goarshausen (Ehrenthal (0908), St. Goarshausen (0906), Wellmich (0907)), Spay (Oberspay (1390)), Trechtingshausen (3508), Unkel (Heister (0294), Scheuren (0292), Unkel (0293)), Urbar (1355, 1839), Vallendar (1352), Weinähr (0833).

Sa Réin Thuaidh-Viostfáil

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Rheinburgen-Landwein' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt: sa bhaile Königswinter laistigh de na haonaid chadastracha Oberdollendorf, Niederdollendorf agus Königswinter; sa bhaile Bad Honnef laistigh den aonad cadastrach Honnef (Rhöndorf); agus an chathair Bonn laistigh den aonad cadastrach Kessenich.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Accent

Auxerrois — Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Baron

Blauer Frühburgunder — Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Limberger — Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Portugieser

Blauer Spätburgunder

Blütenmuskateller

Cabernet Blanc

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Chardonnay

Dakapo

Deckrot

Divico

Domina

Donauriesling

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenbreitsteiner

Ehrenfelser

Faberrebe

Felicia

Findling

Freisamer

Früher Malingre — Malinger

Früher Roter Malvasier — Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie

Gelber Muskateller

Gm 643-10

Gm 643-17

Goldmuskateller — Muskateller

Goldriesling

Grüner Silvaner — Silvaner, Sylvaner

Grüner Veltliner — Veltliner

Helfensteiner

Helios

Heroldrebe

Hibernal

Huxelrebe — Huxel

Johanniter

Kanzler

Kerner

Merlot

Morio Muskat

Muscaris

Muskat Ottonel — Muskat-Ottonel

Müller Thurgau — Rivaner

Müllerrebe — Schwarzriesling, Pinot Meunier

Nobling

Optima 113 — Optima

Ortega

Osteiner

Perle

Petite Arvine

Phoenix — Phönix

Regent

Reichensteiner

Rieslaner

Rotberger

Roter Riesling

Roter Traminer — Clevner, Traminer

Ruländer — Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Saint Laurent — St. Laurent, Sankt Laurent

Sauvignac

Sauvignon Blanc — Muskat Silvaner

Sauvignon Gris

Savagnin Blanc — Weißer Traminer

Scheurebe

Schönburger

Siegerrebe

Solaris

Syrah

We S 523

Weißer Burgunder — Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling — Elbling, Kleinberger

Weißer Gutedel — Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling — Riesling renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Is infheidhme maidir leis na táirgí uile

Tá an limistéar fíonsaothrúcháin suite idir Bingen agus Bonn, tá teorainn aige le hardtailte Siebengebirge, agus leathnaíonn sé ar feadh fad thart ar 110 km. Tá urlár an ghleanna cúng; níl ach ag airde 200-220 m os cionn leibhéal na mara a leathnaíonn an v-ghleann caol amach ina ghleann ardchláir agus leibhéil ann a foirmíodh i bhfad siar. Bíonn raon airde ag na limistéir i Meán-Ghleann na Réine a úsáidtear le haghaidh an fhíonsaothrúcháin idir thart ar 55 m agus 350 m os cionn leibhéal na mara; is é 170 m os cionn leibhéal na mara meán-airde na bhfíonghort. Tá aghaidh idir soir ó dheas agus siar ó dheas ag na fíonghoirt i Meán-Ghleann na Réine; déantar fíonsaothrú i Meán-Ghleann na Réine Íochtarach go príomha ar talamh ag a bhfuil aghaidh idir ó dheas ó siar ó dheas. I dtéarmaí an limistéir fhíonsaothrúcháin ina iomláine, is é an meántreoshuíomh atá ag na fíonghoirt 168° (ó dheas soir ó dheas).

Carraig Dheavónach den chuid is mó atá sa limistéar. Tá gaineamhchloch agus slinn ghrianchloichíte forleathan; faightear siosta feiriúil, siosta ina bhfuil lionsaíní siliciúla agus grianchloichít ar bhonn níos lú. Ní fhaightear carraigeacha ón tréimhse Threasach ach amháin sa limistéar thart ar Königswinter. Tá traicítí, tufanna traicíte, basailt agus laitítí (eisleathadh bolcánach) iontu atá mar fhianaise de ghníomhaíocht bholcánach roimhe seo. Tá fíniúin i Meán-Ghleann na Réine fréamhaithe go príomha in ithreacha ina bhfuil carraig de shiosta Deavónach. I dtéarmaí tíopeolaíocht ithreach, is saintréith de na limistéir sin ithir Vega agus dhonn. Ar an gcarraig Threasach bholcánach tá ithir dhonn, reigeasail agus ithreacha liteamorfacha den chuid is mó.

De réir sonraí meitéareolaíochta, is í 9,7 °C an mheánteocht bhliantúil, agus meánteocht de 14,2 °C le linn an tséasúir fáis féin. Is í 665 mm an mheánfhrasaíocht bhliantúil agus cuireann thart ar 60 % de le linn an tséasúir fáis. Faigheann na fíniúnacha sa limistéar táirgthe 'Rheinburgen-Landwein' meán de 615 000 Wh/m² de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Coinníollacha breise maidir le cur i láthair, lipéadú agus na ceanglais fhíor-riachtanacha uile eile

Creat dlíthiúil:

Arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC, TGFC, áit a bhforáiltear dó ag na Ballstáit.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Rheinburgen-Landwein' a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.

Ní fhéadfaidh cion iarmharach siúcra fíona arna mhargú mar 'Rheinburgen-Landwein' an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc 'leathmhilis'.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein